C/2024/6820

29.11.2024

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2024

maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na Cipire

(C/2024/6820)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid, cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, cuidíonn an tSaoráid ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus cruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(2) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Chipir caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an teachtaireacht an t-iomaíochas a bhunú i dtaca le naoi spreagthach a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad an rochtain ar chaipiteal príobháideach, an taighde agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus na scileanna, agus margadh aonair feidhmiúil na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair, agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024'. Déantar cur síos sa teachtaireacht sin ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha den mhargadh aonair Eorpach, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2024 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí Shuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin sé inti go bhfuil an Chipir ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí difear a dhéanamh di nó a bhféadfadh baol a bheith ann go ndéanfaidís difear di, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Cipire 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([5]) ('Moladh 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro') an 12 Aibreán 2024 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Áirítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach, Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([6]) ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, agus Treoir 2011/85/AE ([7]) ón gComhairle (arna leasú) maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (arna leasú). Is iad cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch nua airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Cuireann an creat rialachais eacnamaíoch nua úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ní mór do gach Ballstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. I bplean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta, tá na gealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta a thug Ballstát, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 nó 5 bliana, de réir fhad rialta an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([8]) sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir le fiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus sa mheántéarma an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, nó é a choinneáil faoi bhun an luacha tagartha sin. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, is féidir síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún treoir an 21 Meitheamh 2024 maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit ina bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta agus ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. I gcomhréir le hAirteagail 5 agus 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, tharchuir an Coimisiún conairí tagartha agus faisnéis theicniúil chuig na Ballstáit, i gcás inarbh infheidhme. Ní mór do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis

([5]) Moladh (AE) ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2024/2807, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2807/oj).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

([7]) Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

([8]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan (i) ar úschaiteachas, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an tAontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

an sprioc-am. I gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit a ndréachtphleananna meántéarmacha a phlé lena bparlaimintí náisiúnta, féadfaidh siad a iarraidh ar na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha tuairim a eisiúint, agus féadfaidh siad comhairliúchán a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí náisiúnta eile.

(6) In 2024, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 17 Bealtaine 2021, chuir an Chipir a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 28 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire ([9]), a leasaíodh an 8 Nollaig 2023 de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun na ranníocaíochta uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh ([10]). Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina sonraítear go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an gCipir. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 30 Aibreán 2024, thíolaic an Chipir a Clár Náisiúnta 2024 um Athchóiriú agus thíolaic sí a Clár Cobhsaíochta 2024, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([11]). I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta 2024 um Athchóiriú ar thuairisciú leathbhliantúil na Cipire maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) An 19 Meitheamh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 don Chipir. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Cipire ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí i ndáil leis na dúshláin sin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, nó nár tugadh aghaidh orthu ann ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Cipire ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú ar an gCipir faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe fhoireann an Choimisiúin chun críoch an Rialacháin sin, ar measúnú é ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha atá ann i gcás na gCipire, foilsíodh iad i mí an Mhárta 2024. An 19 Meitheamh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa Chipir. Go háirithe, tá leochaileachtaí os comhair na Cipire a bhaineann le fiachas príobháideach, fiachas an rialtais agus fiachas seachtrach. Tá laghdú tagtha ar na leochaileachtaí sin ar an iomlán ach tá siad fós ábhartha, agus tá an t-easnamh mór sa chuntas reatha tar éis leathnú a thuilleadh. Tháinig laghdú leanúnach ar an gcóimheas idir an fiachas teaghlaigh agus OTI agus ar an gcóimheas idir an fiachas corparáideach neamhairgeadais agus OTI, ach tá an péire acu ard i gcónaí. Mar sin féin, tá fiachas corparáideach agus fiachas seachtrach á mboilsciú ag fiachas na n-eintiteas sainchuspóireach, a bhfuil rioscaí teoranta don gheilleagar intíre ag baint leo. Tháinig laghdú suntasach ar an stoc mór d'iasachtaí neamhthuillmheacha atá i seilbh banc le blianta beaga anuas, lena n-áirítear 2023, agus tá coinne le go tacóidh réiteach na n-iasachtaí neamhthuillmheacha ag cuideachtaí fála creidmheasa le laghdú breise ar fhiachas na hearnála príobháidí. Mar sin féin, maidir leis na coinníollacha airgeadais níos déine, is dócha go gcuirfidh siad leis an mbrú atá ar theaghlaigh agus ar chuideachtaí a bhfuil fiachais arda orthu. Tá an cóimheas idir fiachas an rialtais agus OTI ag laghdú go tapa, agus tuartar go mbeidh barrachas buiséadach ag an gCipir in 2024 agus in 2025, rud a chuirfidh le tuilleadh laghduithe sa chóimheas fiachais. Leathnaigh an t-easnamh mór sa chuntas reatha níos mó in 2023 agus is iad an t-éileamh intíre láidir leanúnach agus an t-athdhúichiú brabús is cúis leis sin den chuid is mó. Tá coinne leis go bhfanfaidh sé mór in 2024 agus in 2025. Níor tháinig feabhas ar an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta a bhí an-diúltach in 2023 agus tá meath le teacht uirthi mura dtiocfaidh feabhas mór ar an gcuntas reatha. Rinneadh iarrachtaí bearta fairsinge chun aghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí sainaitheanta. Le cur chun

([9]) 10686/21 INIT agus 10686/21 ADD 1.

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire (ST 15571/23 INIT agus ST 15571/23 ADD 1).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1466/oj).

feidhme iomlán agus tráthúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus le tuilleadh bearta, tá coinne leis go gcuideoidh sé le honnmhairí a leathnú agus an róspleáchas ar allmhairí ola a mhaolú.

(11) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig méadú ar bharrachas rialtais ghinearálta na Cipire ó 2,7 % de OTI in 2022 go 3,1 % in 2023, agus thit fiachas an rialtais ghinearálta ó 85,6 % de OTI ag deireadh 2022 go 77,3 % ag deireadh 2023.

(12) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle ([12]) go ndéanfadh an Chipir gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeadh fás an chaiteachais phríomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais fhioscaigh ([13]) in 2023, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Ag an am céanna, mhol an Chomhairle don Chipir an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid mar atá agus í ag athrú. Mhol sí chomh maith go leathnódh an Chipir freisin infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach ([14]) forleathnaitheach, faoi 1 % de OTI, i gcomhthéacs an bhoilscithe aird. In 2023, chuir an príomhchaiteachas reatha a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) rannchuidiú neodrach den chuid is mó, de 0,2 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin laghdú 0,1 % de OTI ar chostas na mbeart tacaíochta éigeandála spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí ó thaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh, mar aon le méadú 0,2 % de OTI ar chostas níos airde chun cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin. Bhí fás an chaiteachais reatha phríomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Is éard a bhí i gceist le caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') faoin tSaoráid agus ag cistí eile de chuid an Aontais 1,3 % de OTI in 2023. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 3,2 % de OTI in 2023, is é sin méadú 1,3 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022. Mhaoinigh an Chipir infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais. Mhaoinigh sí infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, cuir i gcás, inslithe theirmigh agus córas fótavoltach a shuiteáil i bhfoirgnimh phoiblí; uasghráduithe fuinnimh i roinnt stáisiún dóiteáin uirbeach agus tuaithe; uasghrádú ar chumais na n-údarás ábhartha sa Chipir chun déileáil le guaiseacha dóiteáin agus chun an chosaint ar na rioscaí atá os comhair na saoránach, an bhonneagair agus na bhforaoisí a neartú; digitiú na bpríomhshreabha oibre i roinnt aireachtaí agus seirbhísí lárnacha rialtais; agus leathnú na timpeallachta ríomhfheidhme chun críocha pleanála agus ceadaithe tógála. Cistítear an infheistíocht phoiblí sin go páirteach leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(13) I gClár Cobhsaíochta 2024, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tá sé beartaithe go bhfásfaidh an fíor-OTI 2,9 % in 2024 agus 3,1 % in 2025, agus tá sé beartaithe gurb éard a bheidh i mboilsciú arna thomhas leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) 2,5 % in 2024 agus 2,0 % in 2025. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar bharrachas an rialtais ghinearálta go 2,9 % de OTI in 2024 agus go 2,8 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le laghdú go 70,6 % faoi dheireadh 2024 agus go 65,5 % faoi dheireadh 2025. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar bharrachas an rialtais ghinearálta go 2,6 % de OTI in 2026, agus go 2,1 % in 2027. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh an comhardú rialtais ghinearálta faoi bhun luach tagartha easnaimh an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, thar thréimhse an chláir. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar bharrachas an rialtais ghinearálta go 59,2 % de OTI in 2026 54,2 % de OTI in 2027.

(14) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún go méadóidh an fíor-OTI faoi 2,8 % in 2024 agus 2,9 % in 2025, agus go mbeidh boilsciú arna thomhas le ICPT ar ráta 2,4 % in 2024 agus 2,1 % in 2025 i gceist.

(15) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún barrachas rialtais de 2,9 % de OTI in 2024, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le laghdú go 70,6 % faoi dheireadh 2024. De réir mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach neodrach ag 0,0 % de OTI in 2024.

([12]) Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Cipire agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 na Cipire (IO C 334, 1.9.2022, lch. 104).

([13]) Ar bhonn réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 8,5 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach sa Chipir in 2023, agus úsáidtear sin chun an staid fhioscach a thomhas, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

([14]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus cistí eile an Aontais.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,7 % de OTI é le deontais faoin tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 0,3 % de OTI in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú nó fiachas rialtais ghinearálta na Cipire. Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,2 % de OTI é le hiasachtaí ón tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 0,0 % de OTI in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún.

(17) An 14 Iúil 2023 mhol an Chomhairle don Chipir ([15]) seasamh fioscach fónta a choinneáil ar bun in 2024. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a ndréachtphleananna buiséadacha le haghaidh 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe, agus iad de bhun na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh comhardú struchtúrach na Cipire ag 2,1 % de OTI in 2024, ó 1,8 % in 2023, agus ar an gcaoi sin, os cionn chuspóir buiséadach meántéarmach na tíre maidir le comhardú struchtúrach 0 % de OTI. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(18) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Chipir gníomhaíocht a dhéanamh chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Mhol an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don Chipir a áirithiú go mbeidh na bearta tacaíochta sin dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí coigilte fuinnimh. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 0,4 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach ([16]) na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gurb é 0,3 % a bheidh i gceist in 2024, agus 0,0 % in 2025. Go háirithe, maidir leis na dleachtanna máil níos ísle ar tháirgí ola a chuaigh in éag i mí an Mhárta 2024 agus leis na fóirdheontais ar bhillí leictreachais, glactar leis go bhfanfaidh siad i bhfeidhm in 2024 agus tá coinne leis go gcuirfí deireadh leo i gcaitheamh na bliana céanna. Ní mheastar go ndéanfar na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála a fhoirceannadh a luaithe is féidir in 2023 agus in 2024. Tá riosca ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Meastar gurb é a bheidh i gcostas buiséadach na mbeart tacaíochta fuinnimh éigeandála atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint 0,0 % de OTI in 2024 (0,0 % de OTI in 2023), de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún.

(19) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Chipir infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go bhfanfaidh sé cobhsaí den chuid is mó ag 3,1 % de OTI in 2024, i gcomparáid le 3,2 % de OTI in 2023. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Anuas air sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais faoin tSaoráid, meastar go bhfanfaidh sé cobhsaí ag 1,3 % de OTI in 2024. Tá sé seo bunaithe ar chaiteachas níos airde a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid tar éis laghdú ar dheontais eile ón Aontas tar éis dheireadh chlárthréimhse 2014-2020 de chistí struchtúracha an Aontais, a raibh cistí ar fáil ina leith go dtí 2023.

(20) De bhun na mbeart beartais a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn go dtuigtear nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún barrachas rialtais 2,9 % de OTI in 2025. Meastar go dtiocfaidh laghdú go 65,4 % ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI faoi dheireadh 2025. Ba cheart go gcuideodh beartas fioscach stuama le neartú na staide seachtraí freisin.

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Cipire leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Chipir leanúint d'athchóirithe a chur chun feidhme agus dlús a chur le hinfheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha agus cumas láidir riaracháin á áirithiú san am céanna.

([15]) Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta 2023 um Athchóiriú de chuid na Cipire agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2023 na Cipire (IO C 312, 1.9.2023, lch. 116).

([16]) Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

(22) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chláir beartais comhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]), tá sé de cheangal ar an gCipir gach clár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag an gCipir maidir leis na cláir beartais comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, tá dúshláin ann fós agus tá éagothromaíochtaí socheacnamaíocha fós ann idir limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme na gclár beartais comhtháthaithe. Thairis sin, tá sé tábhachtach acmhainneacht riaracháin na n-údarás rialtas áitiúil a áirithiú in oirchill athchóirithe reachtaigh na Cipire maidir leis an rialtas áitiúil, atá beartaithe do mhí Iúil 2024. Tá na tosaíochtaí a chomhaontaíodh sa chlár 'Thalia' ábhartha i gcónaí. Úsáid fuinneamh in-athnuaite agus réitigh stórála a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh agus iompar uirbeach a fheabhsú, tá siad ar fad tábhachtach chun an t-aistriú glas a bhaint amach. Chun an Treoir 91/272/CEE a chomhlíonadh, is gá bainistiú uisce, go háirithe cóireáil fuíolluisce, a fheabhsú ([18]). Dul chun cinn i dtreo gheilleagair chiorclaigh maidir le bainistiú dramhaíola, tá sé fós criticiúil agus tá gá le feabhsuithe maidir le hathchúrsáil agus laghdú dramhaíola. Ba cheart leanúint de chur chun feidhme infheistíochtaí i mbearta gníomhachtúcháin le haghaidh an mhargaidh saothair agus de chuimsiú sóisialta ghrúpaí leochaileacha. Tá cur chun feidhme cuntas foghlama aonair agus na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí tábhachtach i gcónaí. Thairis sin, is tosaíocht i gcónaí atá san infheistíocht i seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán agus atá inacmhainne, agus sa tithíocht shóisialta. Ina theannta sin, ba cheart leanúint de na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh agus chun an geilleagar sóisialta a fhorbairt. Mar chuid d'athbhreithnithe meántéarma chláir an bheartais comhtháthaithe 'Thalia', is fiú breithniú a dhéanamh ar na riachtanais chriticiúla, atá ag dul i bpráinn, maidir le cosc agus ullmhacht i dtaobh rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide. D'fhéadfadh an Chipir an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip a úsáid, arna bhunú ag Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]), chun tacú lena haistriú fuinnimh trí theicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, lena n-áirítear . teicneolaíochtaí glan-nialasacha.

(23) Anuas ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta le cistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshlán breise le sárú ag an gCipir i ndáil le rialú fhiontair faoi úinéireacht an stáit, torthaí oideachais agus neamhréireanna scileanna, foinsí in-athnuaite fuinnimh a leathadh amach, an eangach leictreachais a leathnú agus a uasghrádú, agus oiriúnú don athrú aeráid.

(24) Tá timpeallacht ghnó iomaíoch a fheidhmíonn go maith ríthábhachtach le haghaidh éifeachtúlacht agus fás eacnamaíoch. Ar an mbonn sin, ní chomhlíonann rialú fhiontair faoi úinéireacht an stáit sa Chipir caighdeáin idirnáisiúnta go hiomlán. Le blianta beaga anuas, tugadh roinnt bearta beartais isteach chun maoirseacht airgeadais ar eintitis phoiblí a fheabhsú, ach in éagmais fardal iomlán ar oibleagáidí tuairiscithe rialta, tá teorann leis an bhfaireachán éifeachtach gur féidir a dhéanamh ar fheidhmíocht pleanáil fhiontair faoi úinéireacht an stáit. Thairis sin, is neamhleor go fóill gnéithe tábhachtacha cleachtais rialachais chorparáideacha, amhail ainmniúchán bord bunaithe ar fhiúntas, beartas úinéireachta, trédhearcacht agus cuntasacht feidhmíochta airgeadais. Ina fhianaise sin, tá imní ann faoi chaighdeán agus phraghsanna na seirbhísí in earnálacha faoi cheannas fiontar faoi úinéireacht stáit, amhail earnáil an leictreachais.

(25) Léiríonn feidhmíocht an-lag na Cipire i gClár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) 2022 gur olldhúshlán é an thearcghnóthachtáil i mbunscileanna (i.e., litearthacht, uimhearthacht agus eolaíocht). D'ainneoin cáilíochtaí foirmiúla leordhóthanacha na foirne teagaisc, tá oiliúint leanúnach múinteoirí, lena n-áirítear teagasc agus foghlaim atá bunaithe ar inniúlacht, go neamhleor. In 2021, theip ar an gcuid ba mhó d'iarratasóirí múinteoireachta sa scrúdú chun a bheith ceaptha. Ní dhearna an córas oideachais acmhainní oideachasúla a mheasúnú go leordhóthanach ná a chur in oiriúint le riachtanais na ndaltaí, rudaí is gá chun príomhinniúlachtaí a fhorbairt. Sa mhargadh saothair, tá neamhréireanna scileanna ag éirí níos forleathanaí, sa tráth céanna tá rannpháirtíocht i gcláir gairmoideachais agus gairmoiliúna fós i bhfad níos ísle ná meán an Aontais. Baineann ráta íseal na rannpháirtíochta i gcláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna (VET) le srianta acmhainneachta agus tarraingteachta araon toisc go bhfuil formhór na scoileanna VET suite i limistéir uirbeacha, rud a fhágann go bhfuil sé deacair ar dhaltaí a bhfuil cónaí orthu i limistéir tuaithe a chlárú, sa tráth céanna is fearr go mór le daltaí dul isteach san oideachas treasach ina áit sin.

([17]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

([18]) Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/271/oj).

([19]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

Tá acmhainneacht theoranta ag an aos-oideachas an cás sin a chur ina cheart toisc gurb é 28,3 % sciar na ndaoine fásta idir 25-64 bliana d'aois a bhí rannpháirteach san fhoghlaim i gcaitheamh an 12 mhí roimhe sin in 2022, le hais 39,5 % san Aontas. Is laghdú substaintiúil é sin ó 44,8 % in 2016 agus baineann sé an bonn ó acmhainneacht na Cipire a hiomaíochas eacnamaíoch a fheabhsú.

(26) D'ainneoin bearta suntasacha a rinne chun dlús a chur le cur i bhfeidhm na bhfoinsí in-athnuaite, tá dúshláin shuntasacha fós ann. Níor bhain ach 17 % de mheascán leictreachais na Cipire leis an bhfuinneamh in-athnuaite in 2022. Tá sé sin go mór faoi bhun an aidhm de 31,5 % de ghiniúint leictreachais in-athnuaite faoi 2030, mar a léiríonn an Chipir ina dréachtphlean náisiúnta don fhuinneamh agus don aeráid. De bharr spleáchas na Cipire ar tháirgí peitriliam, a allmhairítear ina n-iomláine agus a fhreastalaíonn ar os cionn 80 % dá riachtanais fuinnimh, tá an Chipir fós leochaileach i ndáil le luaineachtaí i bpraghsanna fuinnimh domhanda. Tá dúshláin nach beag fós ann i dtaca leis an eangach atá ann cheana a uasghrádú agus a leathnú chun freastal ar úsáid na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh. Tá an Chipir i ngleic le bacainní suntasacha in acmhainneacht ghearrthéarmach a heangaí cumhachta chun freastal ar mhéadú ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, rud a fhágann go mbíonn ganntanas athfhillteacha ann. Tá an feiniméan sin soiléir nuair a bhreathnaítear ar na sonraí oifigiúla ó Údarás Rialála Fuinnimh na Cipire. Faoi dheireadh mhí na Samhna 2023, bhí 782,57 MW gléasraí fuinnimh in-athnuaite oibríochtúla ag córas na Cipire, lena n-áirítear 157,50 MW gaoithe, 625,93 MW fótavoltach, agus 9,15 MW bithmhaise. Sa tráth céanna, d'fhormheas an tÚdarás Rialála Fuinnimh ceadanna tógála le haghaidh 2 383 MW i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite. D'fhéadfadh straitéis uileghabhálach maidir le stóráil fuinnimh cur le solúbthacht agus cobhsaíocht an tsoláthair, agus laghdú a dhéanamh ar na costais i leith cur le gléasraí cumhachta coinbhinsiúnta agus baint dóibh.

(27) Tá roinnt dúshlán os comhair na Cipire maidir lena hiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, amhail creat institiúideach lag maidir le hoiriúnú don athrú aeráid, agus easpa cleachtais inbhuanaithe bainistithe uisce chun tacú leis an talmhaíocht athléimneach. Tá leochaileacht na tíre i leith an athraithe aeráide feiceálach, agus níl a beartais agus a bearta oiriúnaithe náisiúnta forbartha go leor. Tá an Chipir buailte ag leibhéil ísle báistí agus teochtaí arda, rudaí a chuireann leis an leibhéal is airde strus maidir le huisce san Aontas. Cé go mbaineann earnáil talmhaíochta na Cipire tairbhe as córais uiscithe atá ag éirí níos éifeachtúla ó thaobh uisce de, tá an ráta ídithe uisce is airde aici de bharr caillteanas suntasach acmhainní uisce i ngréasáin dáileacháin agus stórála atá neamhéifeachtúil. Thairis sin, tá earnáil talmhaíochta na Cipire i ngleic cheana féin le héifeachtaí an athrú aeráide, lena n-áirítear díghrádú ithreach agus fairsingiú fásaigh, rud is cúis le laghdú tháirgiúlacht barr. Teastaíonn bainistiú agus stóráil éifeachtach uisce go mór, chomh maith le bairr atá éifeachtúil ó thaobh an uisce de a ghlacadh. Déanann brú antrapaigineach ar ghnáthóga agus ar éiceachórais, go háirithe i limistéir chósta, an cás níos measa. Fanann cur chuige na tíre maidir le hoiriúnú don athrú aeráid neamhcheangailteach den chuid is mó. Éilítear leis sin socruithe institiúideacha feabhsaithe chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus an t-iomaíochas fadtéarmach a neartú.

(28) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidithe choitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, in 2024, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun an Moladh le haghaidh 2024 maidir leis an limistéar euro a chur chun feidhme. I gcás na Cipire, cuidíonn moltaí (1), (2), (3) agus (4) leis an gcéad mholadh, an dara moladh, an tríú moladh agus an ceathrú moladh a chur chun feidhme, a leagtar amach i Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro.

(29) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúidí maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, léirítear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moladh (1). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le fiachas poiblí agus seachtrach. Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (4) le haghaidh a thabhairt ar mholadh (1) trí éileamh ar allmhairí fuinnimh a laghdú agus dá réir sin an comhardú seachtrach a neartú. Rannchuidíonn moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus leis an Moladh a chur chun feidhme sa limistéar euro, i gcomhréir le haithris 28,

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Chipir in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a thíolacadh go tráthúil. I gcomhréir le riachtanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás ar an nglanchaiteachas ([20]) in 2025 go ráta atá comhsheasmhach le, *inter alia*, fiacha rialtais ghinearálta a chur ar chonair íslitheach shochreidte sa mheántéarma agus le luach tagartha 3 % an Chonartha maidir le OTI a urramú.

([20]) De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

2. An acmhainneacht riaracháin a neartú chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhainistiú, dlús a chur le hinfheistíochtaí agus móiminteam a choinneáil i gcur chun feidhme na n-athchóirithe. Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha chun gur féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ar bhealach leanúnach pras éifeachtach, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, lena n-áiritheofar go dtabharfar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí chun críche faoi mhí Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme na gclár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma ar na cláir sin, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, gníomhú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na riachtanais maidir le rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a chosc agus ullmhacht ina leith, agus na deiseanna a chuireann an tionscnamh maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas á gcur san áireamh an tráth céanna.

3. Iomaíochas an gheilleagair a neartú trí dhlús a chur le hiarrachtaí rialú fhiontair faoi úinéireacht an stáit a fheabhsú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus trí tuilleadh feabhais a chur ar leibhéil scileanna agus ar thorthaí oideachais. Oiliúint múinteoirí leanúnach a neartú agus aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí idir an t-éileamh agus an soláthar saothair trí chur le hacmhainneacht agus le tarraingt na gclár ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus tríd an bhfoghlaim aosach a chothú.

4. An eangach agus stóráil a uasghrádú agus a fhairsingiú chun freastal ar sciar níos mó d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Cur chun feidhme bearta oiriúnaithe don athrú aeráide a fheabhsú, trí dhíriú ar an gcreat institiúideach lena rialaítear an t-oiriúnú don athrú aeráide agus lena chuirtear chun feidhme cleachtais inbhuanaithe bainistithe uisce sa talmhaíocht.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.